



Dónall Ó Conaill agus an Traidisiún Parlaiminteach

Príomhthoradh Foghlama:

2.2 iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thábhacht bheirt cheannairí a bhí páirteach i dtraidisiún parlaiminteach i bpolaitíocht na hÉireann

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 1.3, 1.4, 1.9, 1.10, 1.11, 2.3, 2.7, 2.11, 2.13

Cad a chiallaíonn an traidisiún parlaiminteach i stair na hÉireann?

Is éard atá i gceist leis an téarma 'traidisiún parlaiminteach' ná athruithe polaitiúla a lorg agus modhanna síochánta in úsáid. Sa chaibidil seo, beimid ag foghlaim faoi na hathruithe a d'éirigh le Dónall Ó Conaill a bhaint amach.

Cúlra Dhónaill Uí Chonaill

Rugadh agus tógadh Dónall Ó Conaill gar do Chathair Saidhbhín i gContae Chiarraí sa bhliain 1775. Tógadh le Gaeilge é. Mar gheall ar na Péindlíthe, cuireadh Ó Conaill go dtí an Fhrainc chun oideachas a fháil agus é cúig bliana déag d'aois. Bhí cead ag 10% de Chaitlicigh a dtalamh a choimeád, d'ainneoin na bplandálacha agus na bPéindlíthe, agus bhí uncail le Dónall Ó Conaill ina measc. Ba é siúd a chinn Ó Conaill a chur go dtí an Fhrainc.

Aimsir na Réabhlóidí

Scanraigh na réabhlóidí i Meiriceá agus sa Fhrainc rialtas na Breataine, agus faoi 1793 cuireadh deireadh le cuid de na Péindlíthe. Ón am sin ar aghaidh, bhí cead ag Caitlicigh a bheith ina saighdiúirí, múinteoirí, dochtúirí agus dlíodóirí. Bhí cead acu a reiligiún a chleachtadh agus scoileanna a bhunú. Fós féin áfach, ní raibh cead ag Caitlicigh a bheith ina bpolaiteoirí ná ina mbreithiúna.

Scaip foréigean Réabhlóid na Fraince ar fud na Fraince. An lá a d'fhág Ó Conaill an scoil agus é ocht mbliana déag, dícheannaíodh Rí na Fraince ar an ngilitín. Ar lámh amháin, chuaigh foréigean na réabhlóide sin go mór i bhfeidhm ar Ó Conaill agus chreid sé nárbh fhiú an doirteadh fola. Ar an lámh eile, chuaigh mana na réabhlóide – liberté, égalité, fraternité – go mór i bhfeidhm air. Léigh sé leabhair le leithéidí Thomas Paine. Roimh i bhfad, bhí Ó Conaill ina bhall de na hÉireannaigh Aontaithe. Ag an am céanna, theastaigh uaidh a bheith ina dhlíodóir agus b'fhearr leis modhanna síochánta a úsáid chun athruithe polaitiúla a bhaint amach.

Foclóir

Cathair Saidhbhín: *Cahersiveen*

d'ainneoin na bplandálacha: *despite the plantations*
dlíodóir/dlíodóirí: *lawyer(s)*

breitheamh/breithiúna: *judge(s)*

dícheannaíodh ar an ngilitín é: *he was guillotined*

nárbh fhiú an doirteadh fola: *bloodshed wasn't worth it*

An Ghramadach

Tuiseal Ainmneach: Dónall Ó Conaill

Tuiseal Ginideach: Cúlra Dhónaill Uí Chonaill



Dónall Ó Conaill

Fuascailt na gCaitliceach

Ceann de na hathruithe polaitiúla a bhí á lorg ag Ó Conaill ná go gcuirfí deireadh leis na Péindlíthe deireanacha. Tugtar 'Fuascailt na gCaitliceach' air sin, agus chiallaigh sé go mbeadh saoirse iomlán ag na Caitlicigh ó na Péindlíthe. Mhottaigh Ó Conaill gur ghá gluaiseacht náisiúnta a bhunú chun na hathruithe sin a bhaint amach. Mar sin in 1823, bhunaigh sé 'Compántas na gCaitliceach'. Lorg an cumann síntiús, 'cíos Caitliceach', óna mbaill chun íoc as bunú nuachtáin, as cásanna cúirte agus as feachtais toghchánaíochta. Bhí an síntiús chomh beag sin go raibh sé d'acmhainn ag gach duine é a íoc agus a bheith ina bhall den chumann. Thaistil Ó Conaill ar fud na tíre ag tabhairt óráidí spreagúla. Faoin am sin, bhí an leasainm 'an Fuascailteoir' á thabhairt air.

Fothoghchán i gContae an Chláir

Sa bhliain 1828, chun ní ba mhó airde a tharraingt ar an mbac a bhí ar Chaitlicigh suí sa pharlaimint, bheartaigh Ó Conaill seasamh i bhfothoghchán i gContae an Chláir. Ní raibh cead ach ag fir vóta a chaitheamh ag an am; agus b'éigean do na fir sin talamh a bheith acu, talamh a raibh luach áirithe ard air. D'éirigh leis an gConallach tacaíocht a fháil ó na fir sin, agus bhuaigh sé an fothoghchán.

Bhí eagla ar Phríomh-Aire na Breataine ag an am – Duke Wellington – go dtarlódh éirí amach eile mura nglacfaidís leis i bparlaimint Westminster. Mar gheall air sin, tugadh fuascailt do na Caitlicigh sa bhliain 1829. Faoi dheireadh, bhí Caitlicigh in ann suíocháin a thógáil sa pharlaimint agus oibriú i bpoist rialtais in aon tír in Impireacht na Breataine, dá mba mhian leo. D'fhág sé sin gur ghlac Ó Conaill lena shuíochán in Westminster.

Fuascailt na nGiúdach agus an Feachtas i gcoinne Sclábhaíochta

Ag an am, ní raibh cead ag Giúdaigh suíocháin a ghlacadh sa pharlaimint, ach an oiread le Caitlicigh. Bhí Ó Conaill ar dhuine de na polaiteoirí ba mhó a thacaigh lena bhfuascailt i bparlaimint Westminster. Anuas air sin, thacaigh Ó Conaill leis na hiarrachtaí a rinneadh chun deireadh a chur leis an sclábhaíocht. Labhair sé faoi sa pharlaimint agus d'fhreastail sé ar imeachtaí frithsclábhaíochta go minic. Chabhraigh na nithe sin le cur i bhfeidhm an Achta um Chealú na Sclábhaíochta sa bhliain 1833, acht a chuir deireadh leis an sclábhaíocht in Impireacht na Breataine.

Theastaigh ó Dhónall Ó Conaill go gcuirfí deireadh leis an sclábhaíocht ar fud an domhain. Uair amháin dúirt sé: 'I represent the Irish people, and I will act as the Irish people will sanction. Come liberty, come slavery to myself, I will never countenance slavery at home or abroad.' Thug sé amach go rialta faoi George Washington, mar gurbh úinéir sclábhaí é. Thug sé amach faoi Fhorógra Shaoirse Mheiriceá ag rá gur cheart an chéad líne a athrú go 'Liberty in America

Foclóir

fuascailt, saoradh: *emancipation*

Fuascailt na gCaitliceach, saoradh na gCaitliceach: *Catholic Emancipation*

an cumann: *the association*

feachtas/feachtais toghchánaíochta: *election campaign(s)*

an Fuascailteoir: *the Liberator*

bhí fothoghchán ann: *there was a by-election*

talamh a raibh luach áirithe ard air: *land which had a certain high value*



Stampa ag comóradh éachtaí a rinne Dónall Ó Conaill.

Foclóir

Giúdach/Giúdaigh: Jew(s)
Acht um Chealú na Sclábhaíochta:
Slavery Abolition Act
gluaiseacht frithsclábhaíochta:
anti-slavery movement
an Chéad Chomhdháil Frith-
Sclábhaíochta: the first Anti-
Slavery Convention
cáin (ag cáineadh, ainm
briathartha): criticising
dochrach, díobhálach: harmful
athbhunú: re-establishment



Frederick Douglass, iarsclábhaí agus ceannaire ar an ngluaiseacht frithsclábhaíochta. Thug Ó Conaill cuireadh dó óráid a thabhairt i mBaile Átha Cliath.

means the power to flog slaves, and to work them for nothing.' Sa bhliain 1840, dúirt cainteoir ó Nua-Eabhrac, James Cannings Fuller, ag an gCéad Chomhdháil Frithsclábhaíochta 'There is a charm in the name Daniel O'Connell all over the universe... Mr O'Connell could do more for the suppression of slavery in the United States than any other man.'

Cé gur thuig Ó Conaill go bhféadfadh sé tacaíocht na nGael-Mheiriceánach a chailleadh mar gheall ar a sheasamh ar an gceist, níor stop sé riamh de bheith ag cáineadh na sclábhaíochta. D'ullmhaigh sé caint inar iarr sé ar Ghael-Mheiriceánaigh tacú leis an bhfeachtas i gcoinne na sclábhaíochta. Bhí grúpaí áirithe, na hÉireannaigh Óga ina measc, den tuairim go raibh tacaíocht Uí Chonaill don gluaiseacht frithsclábhaíochta dochrach d'athbhunú parlaiminte i mBaile Átha Cliath.

Bliain na hAisghairme



Dealbh de Dhónall Ó Conaill ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath.

Foclóir

bliain aisghairme/Bliain na hAisghairme: Year of Repeal
tháinig meath ar thionsclaíocht: industry declined
doirteadh fola: bloodshed
gabhadh é: he was arrested
béaloideas: folklore
An Muileann gCearr: Mullingar
theastaigh uaidh mearbhall a chur ar...: he wanted to confuse ...
Cluain Tarbh: Clontarf
bhí cosc ar an gcruinniú: the meeting was banned
chuir sé ar ceal é: he cancelled it

Ón uair a dúnadh an parlaimint Phrotastúnach i mBaile Átha Cliath, tháinig meath ar thionsclaíocht agus ar thrádáil in Éirinn, agus cuireadh dlíthe diana i bhfeidhm. Chreid Ó Conaill gurb é an t-aon réiteach ar na fadhbanna sin, ná deireadh a chur le hAcht an Aontais agus parlaimint a chur ar ais i mBaile Átha Cliath. Chreid sé go bhféadfadh sé an gluaiseacht, a bhí bunaithe aige mórthimpeall ar Fhuascailt na gCaitliceach, a úsáid arís chun deireadh a chur le hAcht an Aontais.

D'fhógair Ó Conaill 1843 mar 'Bhliain na hAisghairme'. D'éagraigh sé cruinnithe fud fad na tíre. D'fhreastail sluaite ollmhóra orthu, 100,000 duine ar an gcruinniú sa Mhuileann gCearr agus 500,000 ar an gcruinniú i gCorcaigh. Spreag sé daoine lena chuid óráidí paiseanta. D'úsáid Ó Conaill a lán Béarla ag a chruinnithe mar gurbh é sin teanga na meán cumarsáide. D'úsáid sé Gaeilge ag a chruinnithe nuair a theastaigh uaidh mearbhall a chur ar spairí an rialtais, nó chun a bheith ag magadh faoi na spairí sin, a bhí ann chun súil a choimeád air. Eagraíodh an cruinniú deireanach i gCluain Tarbh gar do Bhaile Átha Cliath. Bhí na sluaite ag bailiú le chéile nuair a d'fhógair rialtas na Breataine, ag an nóiméad

deireanach, go raibh cosc ar an gcruinniú. Chuir Ó Conaill an cruinniú ar ceal láithreach mar nár theastaigh uaidh go dtarlódh aon doirteadh fola. Cúpla lá ina dhiaidh sin, gabhadh Ó Conaill agus cuireadh i bpríosún ar feadh trí mhí é.

Ó Conaill agus an Ghaeilge

Cé go raibh bua na dteangacha ag Ó Conaill (bhí Gaeilge, Béarla agus Francís aige), níor aithin sé an tábhacht a bhain leo. Dúirt sé 'It would be of vast advantage to mankind if all the inhabitants of the earth spoke the same language.' Ba mhinice é ag caint Béarla ná Gaeilge, de bharr na cumhachta a thug an Béarla dó. Mar thoradh air sin, lean gnáthdhaoine an eiseamláir a leag sé síos agus labhair siad Béarla in ionad Gaeilge. Chuir sé sin le meath na Gaeilge – rud a bhí ag tarlú ag an am.

An Gorta Mór


Faoin uair a bhuail an dúchan Éire sa bhliain 1845, ba sheanfhear é an Conallach. Bhí ag teip ar a shláinte nuair a labhair sé i bparlaimint Westminster faoin ngá a bhí le cabhair do na bochtáin. Mhol a dhochtúirí dó dul go háit the agus shocraigh sé dul chun na Róimhe. Níor éirigh leis an Róimh a bhaint amach, áfach. Fuair an Fuascailteoir bás in 1847 in Genova na hIodáile. D'iarr sé go gcuirfí a chorp go hÉirinn agus a chroí chun na Róimhe. Is sna háiteanna sin atá siad go dtí an lá inniu.

Chuaigh Dónall Ó Conaill go mór i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann ag an am agus tá sé sin le feiceáil go soiléir sa bhéaloideas. I measc na leasainmneacha a tugadh air, bhí an *Counsellor*, an Fuascailteoir agus Rí na hÉireann. Thug sé inspioráid do Mahatma Gandhi agus do Martin Luther King. Sa bhliain 1889, scríobh an Príomh-Aire, William Gladstone, gurb é Ó Conaill 'the greatest popular leader of the present century and the greatest Irishman that ever lived... who never

for a moment changed his end and never hesitated to change his means.' Cumadh na céadta amhrán agus dánta faoi i nGaeilge agus i mBéarla. Chruthaigh sé múnla don traidisiún parlaiminteach a d'fhéadfadh ceannairí eile a leanúint in Éirinn agus thar lear.



Ag ceiliúradh Lá 'le Pádraig in Halifax, Ceanada, le hómhá den Fhuascailteoir. Mí an Mhárta 2023.



William Ewart Gladstone

Foclóir

béaloideas na tíre: *folklore of the country*
cuireadh nimh ina chupán: *poison was put in his cup*
spré, airgead a thugann bean d'fhear agus iad ag pósadh: *dowry*

An bhfuil a fhios agat?

Insítear go leor scéalta faoi Dhónall Ó Conaill i mbéaloideas na tíre. Seo ceann de na scéalta is cáiliúla:

Tugadh cuireadh dinnéir d'Ó Conaill i Londain. Deirtear gur cuireadh nimh ina chupán. Ach bhí cailín aimsire ó Éirinn ann agus bhí Gaeilge aici. Bhí a fhios aici go raibh an nimh ina chupán agus theastaigh uathí nod a thabhairt don Fhuascailteoir. Bhí sí ag freastal ar an mbord nuair a dúirt sí leis:

"A Dhónaill Uí Chonaill, an dtuigeann tú Gaeilge?"

"Tuigim go maith í, a chailín ó Éirinn."

"Tá nimh i do chupán a mharóidh na céadta!"

"Maith tú, a chailín, is tabharfaidh mé spré duit."

Mhalartaigh Ó Conaill a chupán ar chupán eile. Deirtear go bhfuair an fear, a d'ól as cupán Uí Chonaill, bás dá bharr. Mhair Dónall Ó Conaill.



Bileog Oibre

Dónall Ó Conaill agus an Traidisiún Parlaiminteach

Cuid A: Comóradh

- 1 Ar ainmníodh sráid ar bith i do cheantar féin i ndiaidh Uí Chonaill? Faigh amach cad iad na bailte agus cathracha in Éirinn ina bhfuil sráideanna ainmnithe as.
- 2 An bhfuil dealbh in onóir Uí Chonaill i do cheantar féin? Faigh amach cad iad na bailte agus cathracha in Éirinn ina bhfuil dealbha de.
- 3 Cén tslí a ndéantar comóradh ar Ó Conaill in Melbourne na hAstráile?
- 4 Cén tslí a ndéantar comóradh ar Ó Conaill sa Nua-Shéalainn?

Cuid B: Ag obair le Foinsí


Freagair na ceisteanna a bhaineann leis na foinsí seo.

Foinse 1: Murach gur Tharla

Lean an nasc thíos agus freagair na ceisteanna.

<https://www.podchaser.com/podcasts/rte-murach-gur-tharla-705066/episodes/recent>

- 1 Céard atá á phlé ar chlár 6 de 'Murach gur Tharla'?
- 2 Cén eagraíocht a chuir an clár seo le chéile?
- 3 Cén dáta a craoladh an clár seo den chéad uair?
- 4 An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é an clár raidió seo? Mínigh do fhreagra.



Foinse 2: Siar Linn <https://soundcloud.com/rnl/siar-linn-3>

Lean an nasc thuas agus freagair na ceisteanna.

- 1 Céard atá á phlé ar chlár 3 de 'Siar Linn'?
- 2 Cén teideal atá ar an leabhar a scríobh Ríonach Uí Ógáin?
- 3 Cén Béarla a chuirfeá ar an teideal sin?
- 4 Cén saghas eolais a thugann an béaloideas don staraí?
- 5 Cén bhliain ina raibh comhrac aonair idir Ó Conaill agus D'Estherre?
- 6 An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é podchraoladh mar seo? Mínigh do fhreagra.
- 7 Cén eagraíocht a chuir an clár seo le chéile?



Foinse 3: Cínlae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin

Seo píosaí as cínlae (dialann) le hAmhlaoibh Ó Súilleabháin, fear as Callainn, i gContae Chill Chainnigh. Bhí sé ina bhall den chraobh áitiúil de Chompántas na gCaitliceach. Bhailigh sé an cíós Caitliceach. Léigh na píosaí agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo. Tá simpliú déanta ar an nGaeilge.

Bliain: 1828	Iontráil Dialainne
8ú Iúil	Bhí gach fuinneog sa mbaile líonta le coinnle ar lasadh in onóir Dhónaill Uí Chonaill anocht a toghadh i gContae an Chláir chun a bheith ina pholaiteoir i Londain.
20ú Iúil	Tine mhór ag Cnoc na gCapall os cionn Bhearna na Gaoithe in onóir Dhónaill Uí Chonaill, agus lucht vótála in Éirinn.
28ú Meán Fómhair	<p>Is luath ar maidin do gríosáíodh (dúisíodh) lucht síochána Uí Chonaill (baill de Chumann Síochána Uí Chonaill) ar dhroma do bhualadh chun cruinnithe le haghaidh imeachta faoi dhéin lucht síochána Chontae Thiobraid Árann (chun dul agus bualadh leis na daoine sa Chumann Síochána i dTiobraid Árann). Beidh muintir Uí Scolaigh agus muintir Fuinsion ónár dtaobh féin ann.</p> <p>Tá siad cóirithe go hornáideach (gléasta go galánta) le filléadaí uaine (glas), buí, dearg, bán, gorm, corcra, donn, craorag (crimson), crón (tan) agus gach dath sa domhan... Ach ní thaitníonn liomsa ná le daoine tromáí (dáiríre) eile mná agus garlaigh (páistí) agus drumáí agus lucht ceoil agus meirgí (banners) .i. brait uaine le deilbh Uí Chonaill (bratacha glasa le híomhá Uí Chonaill orthu) etc. orthu, do bheith acu, óir gríosóidh sé lucht Rí Uilliam .i. na hOrains, inár gcoinne (mar spreagfadh sé lucht an rí .i. na hOráistigh, inár n-éadan)</p>

- 1 Cad a bhain Ó Conaill amach ar an 8ú Iúil?
- 2 Tabhair dhá shlí inar cheiliúir na daoine éacht Uí Chonaill ar an 20ú Iúil.
- 3 Cén tslí ar tugadh le fios do na daoine go raibh sé in am dul chuig an gcruinniú?
- 4 Cén tslí a raibh na daoine gléasta don chruinniú? Cad a bhí leo agus iad ag dul chuig an gcruinniú ar an 28 Meán Fómhair?
- 5 Cén bhuairt atá ar Amhlaoibh Ó Súilleabháin ag deireadh na hiontrála ar an 28 Meán Fómhair?
- 6 Cén saghas foinse í an fhoinsé sin thuas: foinse phríomha nó foinse thánaisteach? Mínigh do fhreagra.
- 7 Déan cur síos ar na láidreachtaí a bhaineann le dialanna mar fhoinsé staire.

Foclóiriontráil dialainne: *diary entry*éacht/éachtaí: *achievement(s)*

Foinse 4

Ba é Tomás Rua Ó Súilleabháin a chum an dán seo tar éis d'Ó Conaill fothoghchán an Chláir a bhuachan. Éist leis an amhrán ar YouTube tríd an nasc seo a chóipeáil i do bhrabhsálaí <https://www.youtube.com/watch?v=VNXR2kXAgAE>

Gaeilge an ama

'Sé Dónall binn Ó Conaill caoin
An planda fíor den Ghael-fhuil
Gur le feabhas a phinn is meabhair a chinn
Do scól sé síos an chraos-shliocht;
Go bhfuil se scríte i bPastorína*
Go maithfear cíos do Ghaelaibh
'S go mbeidh farraigí breac le flít ag teacht
isteach thar pointe Chléire.

In Uíbh Ráthach thiar tá an dragún dian,
Ár sciath ar iarthar Éireann,

Go bhfágfaidh iad go bráth fó chiach –
An t-ál so shéan an éide.
Fán is fiach dhá gcrá go dian,
Gan fáil ar iasacht scléipe,
Fé sháil an diabhair a ngrád go léir
Ach plá is pian dá réabadh.

Gaeilge an lae inniu

Is é Dónall Ó Conaill atá binn agus caoin
[Duine uasal] de shliocht na nGael
Trína chumas scríbhneoireachta agus intinne
cháin sé lucht an tsaint
agus scríobh Pastorini* ina leabhar
nach mbeidh ar Ghaeil cíos a íoc
agus go mbeidh an fharraige lán le báid ag teacht
isteach thar Chléire.

Tá fear láidir dian i nGaeltacht Chiarraí Theas
Ár gcosantóir ar iarthar na hÉireann

Go raibh siad faoi bhrón go deo
An dream seo a dhiúltaigh an éide.
Go raibh siad cráite ciaptha
gan aon sonas i ndán dóibh
Go raibh gach aon duine acu faoi chos an diabhair
agus plá agus pian á scrios.

**Pastorini: Ba é Pastorini an t-ainm cleite a bhí ag Caitliceach Sasanach a scríobh leabhar, ina ndearna sé tairngreacht faoi (i) chliseadh na hEaglaise sin a raibh tacaíocht Rialtas Shasana aici agus (ii) athshlánú an Chaitliceachais.*

Cuid C: Lón na Bearnáí

saoirse	Westminster	tacaíocht Ghaeil-Mheiriceá	Compántas na gCaitliceach
síntiús	comhionannas	gluaiseacht náisiúnta	Thomas Paine
fuascailt	aisghairme	bráithreachas	'an Fuascailteoir'
éirí amach	dhlíodóir	sclábhaíocht	modhanna síochánta
Giúdaigh	Chláir	Acht um Chealú na Sclábhaíochta	suíocháin
cáineadh	cruinnithe	Fuascailt na gCaitliceach	Chluain Tarbh
cosc	gabhadh	Acht an Aontais	ceal
seanfhear	Mahatma Gandhi	traidisiún parlaiminteach	Martin Luther King

Chuaigh mana Réabhlóid na Fraince; _____, _____ agus _____, go mór i bhfeidhm ar Dhónall Ó Conaill. Léigh sé leabhair le leithéidí _____. Roimh i bhfad, bhí Ó Conaill ina bhall de na hÉireannaigh Aontaithe. Ag an am céanna, theastaigh uaidh a bheith ina _____ agus b'fhéarr leis _____ a úsáid chun athruithe polaitiúla a bhaint amach.

Mhottaigh Ó Conaill gur ghá _____ a bhunú chun na _____ a bhaint amach. Mar sin in 1823, bhunaigh sé an _____. Lorg an cumann _____, 'cíos Caitliceach', óna mbaill chun íoc as bunú nuachtán, as cásanna cúirte agus as feachtais toghchánaíochta. Thaistil Ó Conaill ar fud na tíre ag tabhairt óráidí spreagúla. Faoin am seo bhí an leasainm _____ á thabhairt air.

Bheartaigh Ó Conaill seasamh i bhfothoghchán i gContae an _____ sa bhliain 1828. Bhí eagla ar Phríomh-Aire na Breataine ag an am – Duke Wellington - go dtarlódh _____ eile mura nglacfaí le hÓ Conaill i bparlaimint _____. Mar gheall air sin, fuair Caitlicigh _____ sa bhliain 1829. Faoi dheireadh, bhí Caitlicigh in ann _____ a thógáil sa pharlaimint.

Thacaigh Ó Conaill leis na hiarrachtaí fuascailt a fháil do na _____ agus le deireadh a chur leis an _____. Chabhraigh sé le cur i bhfeidhm an _____ um _____ na _____ sa bhliain 1833, acht a chuir deireadh leis an sclábhaíocht in Impireacht na Breataine.

Cé gur thuig Ó Conaill go bhféadfadh sé _____ na _____ a chailleadh mar gheall ar a sheasamh, níor stop sé riamh de bheith ag _____ na sclábhaíochta.

Chreid Ó Conaill gurb é an t-aon réiteach ar na fadhbanna in Éirinn ná deireadh a chur le h_____ an _____ agus parlaimint a chur ar ais i mBaile Átha Cliath. D'fhógair Ó Conaill 1843 ina bhliain _____. D'eagraigh sé _____ fud fad na tíre. Eagraíodh an cruinniú deireanach i g_____ gar do Bhaile Átha Cliath. Bhí na sluaite ag bailiú le chéile nuair a d'fhógair Rialtas na Breataine, ag an nóiméad deireanach, go raibh _____ ar an gcruinniú. Chuir Ó Conaill an cruinniú ar _____ láithreach. Níor theastaigh uaidh go dtarlódh aon doirteadh fola. Cúpla lá ina dhiaidh sin, _____ Ó Conaill agus cuireadh i bpríosún ar feadh trí mhí é.

Faoin uair a bhuail an dúchan Éire sa bhliain 1845, ba _____ é an Conallach. Bhí ag teip ar a shláinte nuair a labhair sé i bparlaimint Westminster faoin ngá a bhí le cabhair do na bochtáin. Chruthaigh sé múnla den _____ a d'fhéadfadh ceannairí eile a leanúint in Éirinn agus thar lear. Thug sé inspioráid do _____ agus do _____ a lean na modhanna síochánta céanna a d'úsáid Ó Conaill chun Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach.